2025/2343

21.11.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2343 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2025

maidir le cosaint a dhiúltú san Aontas don Ainmniúchán Tionscnaimh ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO) a cláraíodh sa Chlár Idirnáisiúnta um Ainmniúcháin Tionscnaimh agus um Thásca Geografacha d'Ionstraim na Ginéive

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)7686)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus (2) d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha 2015 ([2]) ('Ionstraim na Ginéive'), féadfaidh Údaráis Inniúla gach Páirtí Chonarthaigh in Ionstraim na Ginéive iarratais a chomhdú chun ainmniúchán tionscnaimh nó tásc geografach a chlárú go hidirnáisiúnta le Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI), arb é a chláróidh an t-ainmniúchán tionscnaimh nó an tásc geografach sa Chlár Idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6 d'Ionstraim na Ginéive. I gcomhréir le hAirteagal 9 d'Ionstraim na Ginéive, tá na Páirtithe Conarthacha eile le hainmniúcháin tionscnaimh chláraithe agus tásca geografacha cláraithe a chosaint ar a gcríocha laistigh dá gcóras dlí féin faoi réir aon diúltú, aon tréigean, aon neamhbhailíochtú nó aon chealú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6(4) d'Ionstraim na Ginéive, an 17 Aibreán 2025, thug Biúró Idirnáisiúnta EDMI ('an Biúró Idirnáisiúnta') fógra don Choimisiún go ndearnadh an t-ainm ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO), a ndearna Cónaidhm na Rúise iarratas ina leith, a thaifeadadh ina ainmniúchán tionscnaimh sa Chlár Idirnáisiúnta um Ainmniúcháin Tionscnaimh agus um Thásca Geografacha faoi Ionstraim na Ginéive. Leis an ainm, ainmnítear lása, cuirtíní lása, scaraoidí leapa lása, naipcíní lása, éadaí boird lása, brait reatha lása, tuáillí lása, cábaí lása, ionsáiteáin lása, veisteanna lása, blúsanna lása, brollaigh léine lása, ciarsúir lása, cufaí lása, fallaingí lása, brádóga lása, scaifeanna lása, carbhait lása, stoileacha lása, cábaí lása, lámhainní lása, gúnaí naprúin lása, seálta lása, cultacha lása, jabots lása, agus leabharmharcanna lása ó chathair Vologda, Ceantar Vologodsky, Réigiún Vologda de chuid Chónaidhm na Rúise.

(3) Ós rud é nach bhfuil aon chosaint ann go fóill ar leibhéal an Aontais le haghaidh tásca geografacha lena n-ainmnítear táirgí ceardaíochta, níor foilsíodh an clárú idirnáisiúnta den ainmniúchán tionscnaimh ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO). I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1753, ní fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ach an clárú idirnáisiúnta a thugann an Biúró Idirnáisiúnta fógra faoi, ar clárú é a bhaineann le táirgí ar ina leith a thugtar cosaint do thásca geografacha ar leibhéal an Aontais chun gur féidir aon fhreasúra a d'fhéadfadh a bheith ann a thaisceadh. Rialachán (AE) 2023/2411 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lena ndéantar foráil maidir le tásca geografacha lena n-ainmnítear táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chosaint, beidh feidhm aige ón 1 Nollaig 2025 chun foráil a dhéanamh go bhfoilseofar clárúcháin tásc geografach ceardaíochta agus tionsclaíoch ó thríú tíortha ar thug EDMI fógra fúthu in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus go ndéanfar measúnú orthu d'fhonn cosaint a dheonú.

([1]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1753/oj.
([2]) IO L 271, 24.10.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/1754/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2023/2411 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/1753 (IO L, 2023/2411, 27.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2411/oj).

(4) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, ba cheart diúltú don chosaint san Aontas a thugtar don ainm ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO), lena n-ainmnítear táirgí lása, atá cláraithe mar ainmniúchán tionscnaimh sa Chlár Idirnáisiúnta faoi Ionstraim na Ginéive.

(5) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 5s(1) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ([4]), ní cheadaítear d'institiúidí inniúla faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Coimisiún, glacadh le hiarratais nua ar chlárú tásc geografach a chomhdaíonn náisiúnaigh Rúiseacha nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis nó daoine dlítheanacha atá bunaithe sa Rúis.

(6) Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 5s(4) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tá sé d'oibleagáid ar an Aontas, agus é ag gníomhú faoin gCoinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil, a dhícheall a dhéanamh chun a áirithiú nach nglacfaidh EDMI ná oifigí maoine intleachtúla, arna mbunú faoi dhlí an Aontais, le hiarratais nua ar chearta maoine intleachtúla ó aon náisiúnach Rúiseach nó ó aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Rúis, nó ó dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

(7) Ós rud é gur tugadh fógra don Aontas faoin ainmniúchán tionscnaimh ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO) ar mhaithe lena chosaint tar éis a chláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta, ní féidir a áirithiú nach nglacfaidh EDMI le hiarratais nua ar chearta maoine intleachtúla ó aon náisiúnach Rúiseach nó ó aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Rúis, nó ó dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis. Mar sin féin, níor cheart an chosaint atá á lorg le haghaidh cearta maoine intleachtúla a bhaineann leis an Rúis, agus go háirithe tásca geografacha, a dheonú san Aontas.

(8) Fad a bheidh bearta sriantacha den sórt sin i bhfeidhm i gcoinne iarratais agus cosaint ceart maoine intleachtúla a bhaineann le haon náisiúnach Rúiseach nó le haon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Rúis, nó le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis, ba cheart don Choimisiún gníomhú ar bhealach chun deireadh a chur le haon chosaint ainmniúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh den sórt sin a dheonú.

(9) Ós rud é go bhfuil roinnt Ballstát, mar atá, an Fhrainc, an Phortaingéil, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Ungáir, ina bpáirtithe conarthacha in Ionstraim na Ginéive, agus i bhfianaise na heaspa inniúlachta atá ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le cosaint náisiúnta ainmniúcháin tionscnaimh toisc gur inniúlacht eisiach de chuid an Aontais í sin tar éis aontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive in 2019, is gá a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag an diúltú do ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO) i gcríoch iomlán an Aontais. Thairis sin, i bhfianaise inniúlacht eisiach an Aontais maidir leis an ábhar agus an róil a fheidhmíonn an Coimisiún laistigh d'Ionstraim na Ginéive, is é sin mar údarás inniúil le haghaidh an Aontais agus le haghaidh na mBallstát sin atá ina bpáirtithe conarthacha in Ionstraim na Ginéive, ba cheart fógra a thabhairt faoi dhiúltú den sórt sin do EDMI thar ceann an Aontais agus thar ceann na Fraince, na Portaingéile, na Seicia, na Slóvaice agus na hUngáire.

(10) Cé nach bhfuil siad inniúil ar chinntí a ghlacadh maidir le cosaint náisiúnta na n-ainmniúchán tionscnaimh a chláraítear faoi Ionstraim na Ginéive, chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir le cosaint na n-ainmniúchán tionscnaimh sin ar fud chríoch an Aontais, ba cheart don Bhulgáir agus don Iodáil, ar sínitheoirí iad de Chomhaontú Liospóin, ach nár aontaigh d'Ionstraim na Ginéive go fóill, fógra a thabhairt do EDMI faoin diúltú do chosaint an ainmniúcháin tionscnaimh ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO), má aontaíonn siad d'Ionstraim na Ginéive, laistigh de bhliain amháin tar éis an aontachais sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, diúltaítear do chosaint an ainm ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO) san Aontas, ainm atá cláraithe mar Ainmniúchán Tionscnaimh sa Chlár Idirnáisiúnta.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an diúltú do chosaint dá dtagraítear in Airteagal 1 maidir le críoch iomlán an Aontais. Tabharfar fógra faoi don Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) thar ceann an Aontais agus thar ceann na Fraince, na Portaingéile, na Seicia, na Slóvaice agus na hUngáire freisin mar pháirtithe conarthacha in Ionstraim na Ginéive.

Airteagal 3

Tabharfaidh an Bhulgáir agus an Iodáil fógra do EDMI faoin diúltú do chosaint maidir leis an ainmniúchán tionscnaimh ВОЛОГОДСКОЕ КРУЖЕВО (VOLOGODSKOE KRUZHEVO) laistigh de bhliain amháin tar éis a n-aontachais le hIonstraim na Ginéive.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tabharfar fógra faoi don Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN